An Roinn Oideachais
Department of Education

# Feidhmiú na gCiorclán ar Dhíolúintí ó Staidéar na Gaeilge - 0052/2019 (bunscoil) agus 0053/2019 (iar-bhunscoil): Athbhreithniú Tosaigh

Meitheamh 2022

## Clár


1. Réamhrá ... 2
2. Cad iad na hathruithe a tugadh isteach i 2019? ... 3
3. Modheolaíocht ... 4
4. Torthaí ó na foinsí sonraí ... 6
   Sonraí ó bhunachair sonraí ... 6
   Comhfhreagras ... 6
   Achomhairc ... 7
   Ceisteanna Parlaiminte ... 9
5. Forléargas ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara ... 9
   5.1 Daltaí atá ag rollú ó thar lear nó ag athrollú tar éis tréimhse thar lear ... 9
   5.2 Daltaí a bhfuil deacrachtaí suntasacha litearthachta acu ... 11
   5.3 Daltaí a bhfuil ardleibhéil riachtanas iolrach agus leanúnach acu ... 13
   5.4 Daltaí atá cláraithe i scoil speisialta nó i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha ... 15
   5.5 Leasuithe ar an meicníocht achomhairc ... 16
6. Ag tacú le scoileanna agus a bpobail na ciorcláin nua a chur i bhfeidhm ... 17


## 1. Réamhrá

Mar thoradh ar athbhreithniú cuimsitheach, eisíodh ciorcláin leasaithe ar dhíolúintí ó staidéar na Gaeilge do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla ó Mheán Fómhair 2019 – Ciorcláin 0052/2019 (bunscoil) agus 0053/2019 (iar-bhunscoil)[1]. Ba leasuithe iad na ciorcláin seo ar chiorcláin 12/96 (bunscoil) agus M10/94 (iar-bhunscoil) agus bhí siad dírithe ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a aithníodh maidir le cur i bhfeidhm polasaí agus cleachtas i scoileanna agus sa chóras oideachais i gcoitinne mar a léiríodh sa taighde agus san aiseolas fairsing ó pháirtithe leasmhara. Tá na prionsabail atá mar bhonn leis na ciorcláin bunaithe freisin ar fhorbairtí le himeacht ama ar pholasaí na Roinne i réimsí teanga, riachtanais speisialta oideachais agus cuimsithe.

Thug an Roinn tiomantas athbhreithniú tosaigh a dhéanamh ar fheidhmiú na gciorclán tar éis an chéad dá bhliain dá gcur i bhfeidhm agus go tréimhsiúil ina dhiaidh sin. Tar éis dhá bhliain acadúil iomlán dá gcur i bhfeidhm, thosaigh an t-athbhreithniú i bhfómhar na

[1] https://www.gov.ie/ga/service/irish-exemption

bliana 2021. Aithnítear gur tharla an chéim tosaigh seo den chur i bhfeidhm go comhuaineach le tréimhse thar a bheith suaiteach do scoileanna lena n-áirítear tréimhsí ina raibh scoileanna dúnta de réir na comhairle sláinte poiblí a d'eascair ó phaindéim COVID-19.

Ar dtús, leagtar amach i gcuid 2 den tuarascáil seo na príomhathruithe i gciorcláin 2019 maidir leis na cúinsí ina bhféadfaí díolúintí a dheonú, na critéir atá le breithniú agus tabhairt isteach próiseas foirmiúil achomharc. Tugtar breac-chuntas ansin, i gcuid 3, ar an gcur chuige a glacadh san athbhreithniú reatha seo maidir le feidhmiú na gciorclán sin, an comhthéacs inar tharla sé sin agus na foinsí sonraí a úsáideadh. I gcuid 4 cuirtear torthaí ó shonraí anailísithe i láthair agus pléitear iad. I gcuid 5, agus sonraí atá ar fáil mar bhonn eolais, cuirtear i láthair na hathruithe ar na cúinsí ina bhféadfaidh scoileanna breithniú a dhéanamh ar dhíolúine a dheonú lena n-áirítear catagóir nua bunaithe ar riachtanais iolracha agus leanúnacha. Tá freagairt na bpáirtithe leasmhara ar na hathruithe, a cuireadh in iúl le linn an phróisis chomhairliúcháin, sa chuid seo freisin lena n-áirítear a dtuairimí ar athbhreithnithe ar an áis achomhairc. Fuarthas líon beag aighneachtaí scríofa freisin ó pháirtithe leasmhara a bhí páirteach sna cruinnithe faisnéise.

Tá sé i gceist ciorcláin nua ar dhíolúintí ó staidéar na Gaeilge a eisiúint le cur i bhfeidhm sna scoileanna ó thús na bliana acadúla seo chugainn. Tá na tacaíochtaí atá le cur ar fáil do scoileanna chun na ciorcláin nua seo a chur i bhfeidhm leagtha amach i gcuid 6.

## 2. Cad iad na hathruithe a tugadh isteach i 2019?

Tá na príomhathruithe a tugadh isteach sna ciorcláin leagtha amach thíos.

1. Tá na Ciorcláin le cur i bhfeidhm sna bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sin amháin atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla.
2. Fágadh faoi údaráis bhainistíochta na scoileanna speisialta agus na ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha cinneadh a dhéanamh maidir le riachtanais foghlama Gaeilge na ndaltaí cláraithe (cibé Gaeilge a sholáthar nó gan a sholáthar agus a mhéid soláthar a dhéanfaí). Mura raibh Gaeilge á staidéar ag dalta ina leithéid de chomhthéacsanna, bhí díolúine neamhoifigiúil gan teastas acu. Sna Ciorcláin nua, d'aithin an Roinn go raibh an t-údarás seo fágtha faoi na húdaráis bhainistíochta.
3. Léiríonn na cúinsí eisceachtúla inar féidir díolúine a dheonú forbairtí níos ginearálta maidir le soláthar curaclaim agus oideachais lena n-áirítear tuiscintí reatha ar dheacrachtaí agus ar dhifríochtaí foghlama.
4. Sa chiorclán bunscoile leagtar síos 12 bhliain d'aois nó an bhliain deiridh sa bhunoideachas mar an t-am is oiriúnaí chun iarratas ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge a bhreithniú i gcás daltaí-
    i. a fuair a mbunoideachas lasmuigh den Stát nó
    ii. atá ag athrollú tar éis tréimhse a chaitheamh thar lear agus

    iii. i gcás daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama suntasacha agus leanúnacha acu, díolúine a bhreithniú má tá rang a dó, ar a laghad, bainte amach acu.
5. Athrú ó shamhail dhiagnóiseach chatagóireach go samhail riachtanais-bhunaithe.
6. Níl gá feasta le measúnuithe síceolaíochta ná le scóir chumas cognaíoch chun iarratais a phróiseáil.
7. I gcás daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama suntasacha agus leanúnacha acu, áireofar sna critéir díolúine scór gnóthachtála litearthachta, sa Léitheoireacht Focal, sa Léamhthuiscint, nó sa Litriú ag/faoi bhun an 10ú peircintíl.
8. Meicníocht achomhairc próiseas-bhunaithe a thabhairt isteach.

Bhí glacadh maith i gcoitinne le hathruithe 2019 agus thug an t-aiseolas ó scoileanna le fios go háirithe gur chuir na ciorcláin soiléireacht bhreise ar fáil agus go raibh sé níos éasca iad a chur i bhfeidhm ar bhealach cóir agus cothrom. Rud atá tábhachtach, san athrú ó shamhail dhiagnóiseach chatagóireach go samhail riachtanais-bhunaithe, léirigh na ciorcláin ailíniú níos fearr idir na próisis a bhaineann le hiarratais ar dhíolúintí a bhreithniú agus polasaithe eile de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Sláinte.

Mar sin féin, tháinig sé chun cinn san aiseolas freisin nár tugadh aghaidh sna cúinsí eisceachtúla a leagadh amach sna ciorcláin agus sna critéir ábhartha ar riachtanais chohórt beag daltaí/scoláirí a raibh ardleibhéil riachtanas iolrach agus leanúnach acu. Fuarthas roinnt gearán freisin ó Oifig an Ombudsman do Leanaí. Ina theannta sin, tá ceithre chás Ard-Chúirte tionscanta ina bhfuil iarratasóirí ag lorg Orduithe ag neamhniú chinneadh scoileanna díolúine a dhiúltú agus ina bhfuiltear ag cur in aghaidh dhlíthiúlacht rialacha na Roinne sa réimse seo.

## 3. Modheolaíocht

Rinne an Chigireacht[2] athbhreithniú cuimsitheach ar na ciorcláin roimhe seo a chuimsigh cuairteanna scoile chun comhaid daltaí a scrúdú agus chun agallaimh a dhéanamh le príomhoidí agus le baill foirne ábhartha. Bhí an tuarascáil seo, mar aon le haiseolas leitheadach ó pháirtithe leasmhara a bailíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí, mar bhonn eolais do pháipéar comhairliúcháin agus d’fhorbairt chiorcláin 2019.

Mar thoradh ar COVID-19 agus ar an ualach ar scoileanna agus an fráma ama sách gairid ó eisíodh na ciorcláin, socraíodh gur athbhreithniú deasc-bhunaithe le fócas ar shaincheisteanna feidhmithe a tháinig chun cinn san aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bheadh san obair thosaigh seo. Mar fhreagairt ar aiseolas na bpáirtithe leasmhara, mar aon le hiarratas an Aire ina leith seo, dhírigh an príomhréimse fócais ar aghaidh a

[2] Tuarascáil Taighde na Cigireachta ar Dhíolúintí: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/30515/68a5644a015c4ee18fab3c9ed8a8ff0d.pdf#page=null

thabhairt ar riachtanais na ndaltaí sin a bhfuil ardleibhéil riachtanas iolrach agus leanúnach acu a chuireann bac ar a rannpháirtíocht san oideachas.

Thug an t-aiseolas le fios freisin go raibh gá le soiléire maidir leo seo:

- an próiseas iarratais agus deimhnithe i gcás daltaí atá rollaithe i scoileanna speisialta nó i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, agus
- na critéir má tá daltaí ag rollú ó thar lear.

Ba léir freisin go raibh gá an mheicníocht achomhairc próiseas-bhunaithe a tugadh isteach in 2019 a leathnú ionas go bhféadfaí cinneadh na scoile gan díolúine a dheonú a bhreithniú.

Áiríodh i measc na bpríomhfhoinsí sonraí

1. Sonraí a thuairiscigh scoileanna ar dhíolúintí a deonaíodh a cuireadh isteach ar bhunachair sonraí ar líne – POD agus P-POD
2. Comhfhreagras a fuarthas ó thuismitheoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le díolúine daltaí ó staidéar na Gaeilge
3. Sonraí ón bpróiseas achomhairc
4. Ceisteanna parlaiminte

Agus na réimsí athbhreithnithe a aithníodh thuas san áireamh, forbraíodh dréacht-téacs leasaithe do na cúinsí eisceachtúla agus na critéir ghaolmhara. Cuireadh iad seo i láthair na bpáirtithe leasmhara ag sraith cruinnithe faisnéise déthaobhacha agus iltaobhacha a tionóladh i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2022 chun iad a chur ar an eolas faoin gcur chuige a glacadh san athbhreithniú agus faoin smaointeoireacht a bhain leis. Cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas freisin faoin moladh go leathnófaí sainchúram an choiste achomhairc chun cinneadh scoile gan díolúine a dheonú a bhreithniú. Bhí ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta, daltaí, Grúpaí Abhcóideachta dóibh siúd le Riachtanais Speisialta Oideachais/míchumais, ranna Rialtais, Oifig an Ombudsman do Leanaí, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann agus eagraíochtaí Gaeilge ina measc siúd a ghlac páirt sna cruinnithe faisnéise do pháirtithe leasmhara.

Mar aon leis na réimsí príomhfhócais, rinne an t-athbhreithniú na nithe seo a iniúchadh freisin:

- an chaoi a bhféadfaí feabhsuithe i gcórais bhailithe sonraí a bhaint amach ar mhaithe le cáilíocht na sonraí a fhaightear ó scoileanna a fheabhsú
- an chaoi a bhféadfaí cumarsáid faoi riachtanais na Gaeilge a fheabhsú ar mhaithe le leanaí a fhaigheann scolaíocht bhaile nó a fhreastalaíonn ar scoileanna neamhspleácha a ullmhú níos fearr don rollú i scoileanna aitheanta
- uirlisí a sholáthar chun tacú le daltaí lagéisteachta na curaclaim Ghaeilge a rochtain
- riachtanais mháithreánach Ollscoil na hÉireann do chúrsaí tríú leibhéal.

## 4. Torthaí ó na foinsí sonraí

### Sonraí ó bhunachair sonraí

Léiríonn sonraí ó na bunachair sonraí Bunscoile (POD) agus Iar-Bhunscoile (P-POD) go bhfuil líon na ndíolúintí a deonaíodh i dtréimhse chomparáideach dhá bhliain (scoilbhlianta 2017-2018 agus 2018-19) roimhe sin agus ó eisíodh ciorcláin 2019 (2020-21 agus 2021-22)* laghdaithe ó 7,740 go 4,765 ag an mBunleibhéal ach méadaithe ó 20,912 go 24,807 ag an Iar-Bhunleibhéal. Ós rud é nár tugadh na critéir nua chun críche go dtí díreach sular foilsíodh iad ag deireadh mhí Lúnasa 2019 agus go bhfuil ar Aonad TF na Roinne anailís mhionsonraithe agus tástáil a dhéanamh ar na hathruithe atá de dhíth ar na córais POD/P-POD, bhí na critéir nua ar fáil beo ar an gcóras POD i mí Feabhra 2020 agus ar an gcóras P-POD i mí Aibreáin 2020.

*Bheadh aon taifid díolúine atá á nuashonrú ar na córais sin idir mhí Mheán Fómhair 2019 agus an t-am ina raibh na critéir nua ar fáil beo, go luath in 2020, curtha isteach faoi na critéir roimhe seo. Ó mhí Feabhra/Aibreán 2020, bheadh scoileanna a bhfuil sonraí díolúine á gcur isteach acu ar na córais á gcur isteach faoi na critéir nua. Mar sin fágadh 2019-20 as an áireamh sa chomparáid.

Ina theannta sin, ní dhéanann roinnt scoileanna an córas POD/P-POD a nuashonrú ach go bliantúil mar chuid de phróiseas tuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair agus dá bhrí sin is dócha go ndearnadh díolúintí idir Samhain 2018 agus Meitheamh 2019 (faoi na sean-chiorcláin) agus idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2019 (faoi na ciorcláin nua) a ionchur mar chuid de phróiseas tuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair 2019 leis na taifid uile ag léiriú na gcritéar faoi na seanchiorcláin.

Ar na cúiseanna a míníodh thuas, ní féidir a bheith cinnte ag an bpointe seo cé mhéad de na díolúintí a taifeadadh sna figiúirí seo a deonaíodh faoi na seanchiorcláin maidir le díolúintí nó faoi na ciorcláin nua sa scoilbhliain 2019/20. Mar atá luaite thuas, d'fhéadfadh gur deonaíodh roinnt de na díolúintí seo faoi na ciorcláin roimhe seo ach nár taifeadadh iad ach ar chóras bhunachar sonraí iar-bhunscoile ar líne (P-POD) scoileanna le linn phróiseas tuairisceáin mhí Dheireadh Fómhair 2019.

Ó thaobh staitisticí, tugtar faoi deara go bhfuil cruinneas na sonraí a gineadh bunaithe ar an modh agus ar na sonraí a úsáideann gach Iar-bhunscoil chun Tuairisceáin Dheireadh Fómhair a thiomsú.

### Comhfhreagras

Maidir le comhfhreagras, fuarthas thart ar 1,066 píosa comhfhreagrais, ónar eascair raon saincheisteanna lena n-áirítear:

- I réimse na riachtanas speisialta: riachtanais foghlama ach nach gcomhlíonann na critéir, imní, féindochar, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí, saincheisteanna maidir

le heaspa teastais díolúintí i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta, easpa áiteanna i ranganna nó scoileanna speisialta, tástáil srl

- Rollú ó thar lear
- Scolaíocht bhaile – níl feidhm ag na ciorcláin agus mar sin ní bhíonn díolúine i gceist nuair a fhilltear ar an gcóras príomhshrutha gan Gaeilge a bheith foghlamtha
- Freastal ar Ghaelscoil ach díolúine á éileamh (níl feidhm ag na ciorcláin)
- Ilghnéitheach lena n-áirítear iarratais ghinearálta ar eolas maidir le nósanna imeachta, teastais nach féidir teacht orthu, impleachtaí a bhaineann le gan Gaeilge a fhoghlaim, an rogha gan Díolúine a ghnóthaítear a fheidhmiú

Astu seo thuas, bhain 258 le rolluithe ó thar lear ach bhain a bhformhór mór le réimse na riachtanas speisialta. Ina theannta sin, tá ceithre chás dlí tógtha i gcoinne na Roinne agus baineann gach ceann acu le riachtanais speisialta.

Tháinig líon mór fiosrúchán faoi na ciorcláin freisin, ar an nguthán agus/nó ar ríomhphost, agus cé nár logáladh iad seo, meastar gur bhain formhór mór acu le riachtanais speisialta agus leis an ngá an meicníocht achomharc a leathnú.

## Achomhairc

Maidir le hachomhairc, tá sonraí sna táblaí thíos don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal.

| **Achomhairc Faighte go dtí seo - Bunleibhéal** | **202** |
|---|---|
| | |
| An Bord Achomhairc Sásta gur lean an Scoil an próiseas mar sa Chiorclán | 130 |
| An Achomharc Diúltaithe mar bhí an t-iarratas lasmuigh de théarmaí an Chiorcláin | 11 |
| An Achomharc Diúltaithe mar ní raibh sé curtha isteach laistigh de 30 lá féilire ón gcinneadh | 3 |
| An Achomharc Diúltaithe mar níor Roghnaíodh aon Fhomhír | 1 |

| | |
|---|---|
| An Achomharc Tarraingthe Siar ag Tuismitheoir/Caomhnóir | 10 |
| An Bord Achomhairc gan bheith Sásta gur lean an Scoil an próiseas mar atá sa Chiorclán | 27 |
| Achomhairc á nUllmhú | 20 |

| **Achomhairc Faighte go dtí seo – Iar-Bhunleibhéal** | **102** |
|---|---|
| | |
| An Bord Achomhairc Sásta gur lean an Scoil an próiseas mar sa Chiorclán | 53 |
| An Achomharc Diúltaithe mar bhí an t-iarratas lasmuigh de théarmaí an Chiorcláin | 5 |
| An Achomharc Diúltaithe mar ní raibh sé curtha isteach laistigh de 30 lá féilire ón gcinneadh | 2 |
| An Achomharc Diúltaithe mar níor Roghnaíodh aon Fhomhír | 1 |
| An Achomharc Tarraingthe Siar ag Tuismitheoir/Caomhnóir | 10 |
| An Bord Achomhairc gan bheith Sásta gur lean an Scoil an próiseas mar atá sa Chiorclán | 16 |
| Achomhairc á nUllmhú | 15 |

Léiríonn na sonraí thuas gur gá roinnt oibre a dhéanamh maidir le feasacht a ardú lena chinntiú go dtuigeann tuismitheoirí/daltaí agus scoileanna conas is féidir leo teacht ar

eolas faoin nós imeachta achomhairc agus go bhfuil tuiscint shoiléir acu ar an gcaoi le hachomharc a dhéanamh. Beidh sé níos tábhachtaí fós a chinntiú, i bhfianaise an athchóirithe atá le tarlú ar an nós imeachta achomhairc, gur féidir eolas a rochtain ar an nós imeachta achomhairc.

Fuair an tOmbudsman do Leanaí thart ar 36 gearán ó tháinig na Ciorcláin nua i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2019. Tuairiscíodh gur bhain na gearáin seo den chuid is mó le leanaí a bhfuil riachtanais meabhairshláinte agus/nó riachtanais speisialta oideachais acu agus tháinig cuid acu seo ó thar lear.

### Ceisteanna Parlaiminte

Fuarthas líon sách beag ceisteanna parlaiminte agus bhain roinnt acu le daltaí aonair nár shásaigh na critéir le haghaidh díolúine, bhí roinnt acu ag lorg eolais faoin líon díolúintí a deonaíodh faoi chiorcláin 2019 agus bhí roinnt eile ag lorg eolais maidir leis an uair a tharlódh athbhreithniú ar chiorcláin 2019.

Dá bharr seo, agus mar atá leagtha amach thuas, dhírigh an príomhréimse fócais ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaltaí sin a bhfuil ardleibhéil riachtanas iolrach agus leanúnach acu a chuireann bac ar a rannpháirtíocht san oideachas. Tá an mheicníocht achomhairc á leathnú freisin ionas gur féidir cinneadh na scoile gan díolúine a dheonú a bhreithniú.

## 5. Forléargas ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara

D'fháiltigh páirtithe leasmhara roimh an deis sonraí an chéad athbhreithnithe seo a fháil agus chuir siad aiseolas an-luachmhar ar fáil. Dúirt páirtithe leasmhara na Gaeilge, áfach, nach athbhreithniú ceart a bhí sa chur chuige a glacadh agus gur gá tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach.

Sa chuid seo leagtar amach na soiléirithe agus na leasuithe, de réir mar is cuí, ar gach fomhír de na ciorcláin nua ina leagtar amach na cúinsí eisceachtúla ina bhféadfaidh scoileanna breithniú a dhéanamh ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge a dheonú. Tugtar mionchuntas freisin ar na cúinsí eisceachtúla nua ina bhféadfaidh scoileanna breithniú a dhéanamh ar dhíolúine a dheonú má tá riachtanais iolracha agus leanúnacha ag dalta. De réir mar is ábhartha, cuirtear an téacs ábhartha ó chiorcláin 2019 ar fáil freisin.

### 5.1 Daltaí atá ag rollú ó thar lear nó ag athrollú tar éis tréimhse thar lear

Bhain thart ar 258 píosa comhfhreagrais le rollú ó thar lear. Léirigh sonraí a bhí ar fáil, i gcomhfhreagras ó scoileanna go príomha, go raibh gá le soiléireacht bhreise maidir leis na critéir san fhomhír seo. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, mar fhreagairt ar imní a d'ardaigh páirtithe leasmhara faoi dhaltaí a bheith ag clárú ó thar lear le linn tréimhsí ina raibh na scoileanna dúnta, go ndearnadh na critéir faoin

bhfomhír seo a leasú mar seo a leanas agus go bhfuil siad foilsithe cheana féin ar láithreán gréasáin na Roinne:

- aitheantas a thabhairt don tionchar a bhí ag tréimhsí dúnta na scoileanna mar thoradh ar phaindéim COVID-19 ar dhaltaí a bhí ag clárú ó thar lear agus ag dul isteach i rang a 5 agus a 6 le linn na scoilbhliana 2019/20 nó i rang a 6 le linn na scoilbhliana 2020/21, agus
- mura raibh aon deis acu roimhe sin a bheith gafa le staidéar na Gaeilge.

Cheistigh roinnt comhfhreagraithe an critéar a bhain le leanbh faoi bhun 12 bhliain agus é/í ag clárú ar scoil tar éis teacht ó thar lear, nach sásódh sé/sí na critéir do dhíolúine agus go mbeifí ag súil go bhfoghlaimeodh sé/sí an Ghaeilge cé go mbeadh a p(h)iaraí ag foghlaim Gaeilge le blianta. Den chuid ba mhó, áfach, bhí glacadh nuair a míníodh an cur chuige comhtháite maidir le foghlaim teanga mar atá i g*Curaclam Teanga na Bunscoile*, an cur chuige idirdhealaithe i leith an teagaisc agus na foghlama agus na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge lena n-áirítear ó thaobh aistriú teanga. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe aon athruithe a dhéanamh ar an bpolasaí reatha ina leith seo. Mar sin féin, tá foráil sa dréacht-téacs leasaithe (féach an tábla thíos), má rollaíonn/athrollaíonn dalta ó thar lear laistigh den dá mhí deiridh de bhliain acadúil go ndéanfar an rollú/ athrollú seo, chun críche an chiorcláin, a mheas mar rollú ar an gcéad lá den bhliain acadúil atá le teacht.

Ní dhearnadh aon tagairt den ghné seo de na ciorcláin le linn rannpháirtíochtaí leis na páirtithe leasmhara.

| **Ciorcláin 2019** | **Ciorcláin 2022** |
|---|---|
| **2.2 Na cúinsí inar féidir díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a dheonú do dhalta/scoláire**<br><br>Féadtar díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a cheadú sna cúinsí eisceachtúla seo a leanas amháin:<br><br>**a)** daltaí a fuair a gcuid oideachais suas go dtí 12 bhliain d'aois (nó suas go dtí an bhliain dheireanach, agus an bhliain sin san áireamh, dá gcuid bunoideachais) lasmuigh den stát agus nach raibh deis acu dul i mbun staidéir ar an nGaeilge<br><br>**Nó** | **2.2.1 Daltaí atá ag bogadh ó thar lear.**<br><br>daltaí a fuair a gcuid oideachais **lasmuigh** den Stát (ar feadh tréimhse trí bliana as a chéile ar a laghad) áit nach raibh deis aige/aici tabhairt faoi staidéar na Gaeilge<br><br>**agus**<br><br>**a.** nach lú ná 12 bhliain d'aois ar lá a rollaithe nó a athrollaithe<br><br>**nó**<br><br>**b.** atá ag clárú tar éis an cúrsa iomlán bunoideachais atá aitheanta ag stát eile a chríochnú. |

| | |
|---|---|
| **b)** daltaí a bhí rollaithe cheanna mar dhaltaí aitheanta i mbunscoileanna agus atá á n-athrollú tar éis tréimhse a chaitheamh thar lear, ar choinníoll go bhfuil trí bliana as a chéile ar a laghad caite ó rollaíodh iad roimhe seo sa stát agus iad 12 bhliain d'aois ar a laghad ar athrollú dóibh<br><br>**Nó**<br><br>(i gcás bunscoileanna amháin)<br><br>**c)** daltaí ar eachtrannach atá in Éirinn mar oifigeach taidhleoireachta nó consulach duine dá t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí. | **2.2.5**<br><br>is féidir díolúine ó staidéar na Gaeilge a dheonú do dhalta a bhfuil a thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ina ionadaí taidhleoireachta nó consalachta ar thír eile go hÉirinn beag beann ar aois nó ar stair oideachais (baineann an fomhír seo leis an gCiorclán Bunscoile amháin)<br><br>* Chun críocha an chiorcláin seo, daltaí atá ag clárú sa 2 mhí deiridh de bhliain acadúil, measfar go mbeidh a rollú/athchlárú ar siúl ar an gcéad lá den bhliain acadúil ina dhiaidh sin. |

## 5.2 Daltaí a bhfuil deacrachtaí suntasacha litearthachta acu

Léirigh na sonraí a bhí ar fáil ina leith seo saincheisteanna maidir le daltaí/scoláirí a bhí os cionn scoithphointe an 10ú peircintíl agus i gcásanna áirithe i bhfad os cionn an 10ú peircintíl. Go deimhin meastar nach í an litearthacht an bhunchúis do na daltaí/scoláirí seo ach gurbh amhlaidh go raibh riachtanais iolracha agus leanúnacha acu.

Dá réir sin, níl aon athruithe beartaithe ar na critéir san fhomhír seo. Chun soiléireacht bhreise a sholáthar, tá teideal tugtha isteach a léiríonn go dtugann an fomhír seo aghaidh ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí suntasacha litearthachta acu a chuireann bac ar a bhfoghlaim ar fud an churaclaim. Sa rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara, aontaíodh i gcoitinne go bhfuil an fomhír seo soiléir agus go dtacaíonn sé le cothroime agus trédhearcacht sa chinnteoireacht. Cheistigh roinnt páirtithe leasmhara úsáid an 10ú peircintíl mar scoithphointe. Mhol roinnt acu freisin go raibh an scoithphointe ró-ard agus, ar mhaithe le dul i dtreo deireadh a chur le díolúine ó staidéar na Gaeilge, gur chóir don Roinn é a ísliú go dtí an 6ú nó an 7ú peircintíl. Thar réimse leathan den litríocht idirnáisiúnta aithnítear scóir ag nó faoi bhun an 10ú peircintíl i measúnuithe caighdeánaithe ar an léitheoireacht mar leibhéil deacrachtaí litearthachta atá idir

mheasartha agus thromchúiseach. Toisc go n-aithnítear an 10ú peircintíl mar thagarmharc idirnáisiúnta, níl sé i gceist é sin a athrú.

<table>
<tr><th>Ciorcláin 2019</th><th>Ciorcláin 2022</th></tr>
<tr><td>2.2. c) daltaí:<br><br>i. a bhfuil an dara rang bainte amach acu ar a laghad<br><br>agus<br><br>ii. a bhfuil deacrachtaí suntasacha foghlama acu atá leanúnach, d'ainneoin go raibh rochtain acu ar chur chuige difreáilte maidir le foghlaim teanga agus litearthachta i nGaeilge agus i mBéarla thar thréimhse ama. Ba cheart go gcuimseofaí fianaise dhoiciméadach den chineál seo, a shealbhaíonn an scoil, Pleananna Tacaíochta Scoláirí ina mionsonraítear<br>• athbhreithnithe rialta ar riachtanais foghlama mar chuid de thimthriall measúnachta leanúnaí<br>• spriocanna a leagadh amach<br>• idirghabháil agus athbhreithniú bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear scóir tástála (léamh focal, léamhthuiscint, litriú, scóir eile teanga/litearthachta eile) ag príomhphointí athbhreithnithe.<br><br>agus<br><br>iii. tráth an iarratais ar dhíolúine ba cheart don dalta scór caighdeánaithe ar thástáil scoite sa Léitheoireacht Focal, sa Léamhthuiscint nó sa Litriú a</td><td>2.2.2 Dalta a mbíonn deacrachtaí suntasacha litearthachta acu atá ina mbac ar a gcuid foghlama ar fud an churaclaim.<br><br>i. a bhfuil rang a dó ar a laghad bainte amach acu (An líne seo sa chiorclán bunscoile amháin)<br><br>agus<br><br>ii. a chuireann deacrachtaí suntasacha litearthachta i láthair atá leanúnach in ainneoin go raibh teacht acu ar chur chuige difreáilte i leith foghlaim teanga agus litearthachta i ngach ábhar/ar fud an churaclaim agus le himeacht ama.<br><br>Ba cheart go n-áireofaí i bhfianaise dhoiciméadach chuige sin, atá i seilbh na scoile, Pleananna Tacaíochta do Dhaltaí ina sonraítear:<br><br>• athbhreithnithe rialta ar riachtanais foghlama mar chuid de thimthriall leanúnach measúnaithe<br>• spriocshocrú<br>• idirghabháil agus athbhreithniú eolasach ar fhianaise, lena n-áirítear scóir tástála (léitheoireacht focal, léamhthuiscint, litriú, scóir eile teanga/litearthachta) ag príomhphointí athbhreithnithe.<br><br>agus<br><br>iii. a léiríonn, tráth an iarratais ar dhíolúine, scór caighdeánaithe ar thástáil scoite i Léamh Focal,</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| bheith bainte amach atá ag/faoi bhun an 10ú peircintíl. | Léamhthuiscint nó Litriú ag/faoi bhun an 10ú peircintíl. |

### 5.3 Daltaí a bhfuil ardleibhéil riachtanas iolrach agus leanúnach acu

Bhain an chuid ba mhó den chomhfhreagras le daltaí **a raibh leibhéal ard riachtanas iolrach agus leanúnach acu atá ina bhac suntasach ar a rannpháirtíocht agus a ngafacht ina saol foghlama agus scoile** ach go raibh na riachtanais a bhí acu lasmuigh de fhorais na gciorclán. Dá réir sin, is fomhír nua é seo agus é mar chuspóir aige freagairt do riachtanais an chohórt daltaí ar leith seo nár freastalaíodh ar a gcuid riachtanas i gciorcláin 2019.

Aithnítear leis an téarma riachtanais iolracha agus leanúnacha deacrachtaí suntasacha a d’fhéadfadh a bheith ag daltaí lasmuigh de, nó sa bhreis ar, na deacrachtaí a bhaineann le foghlaim/litearthacht a mbíonn tionchar acu ar a gcuid foghlama agus ar a rannpháirtíocht ar scoil. *Is éard atá i gceist le riachtanais iolracha agus leanúnacha ná iad siúd a leanann agus atá dian i gcineál agus a théann i bhfeidhm go suntasach ar fheidhmíocht an dalta ar scoil ó lá go lá, agus a chuireann isteach go rímhór ar an dalta i dtimpeallacht na scoile, in ainneoin cur i bhfeidhm clár tacaíochta atá dírithe go haonair, atá dian agus fianaise-bhunaithe, atá forbartha, curtha i bhfeidhm agus monatóireacht déanta air ag an scoil i gcomhar leis an dalta, na tuismitheoirí agus na gníomhaireachtaí ábhartha eile a bhfuil baint acu le tacaíocht a sholáthar*. Tá impleachtaí aige seo ar fud an churaclaim, curaclam na Gaeilge san áireamh, agus go háirithe ag an dara leibhéal mar a mbíonn daltaí ag gabháil do scrúduithe stáit. Níl aon ghá le tuairiscí gairmiúla ná le moltaí mar dírítear ar an gcaoi ina gcuireann an dalta é/í féin i láthair agus ar a riachtanais i gcomhthéacs na scoile.

Bhí formhór na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas rannpháirtíochta sásta gur cuireadh an cúinse eisceachtúil seo san áireamh sna ciorcláin cé gur mheas roinnt páirtithe leasmhara nár cheart go mbeadh líon na ndíolúintí dóibh siúd a bhfuil riachtanais shuntasacha acu, cibé ar bhonn litearthachta nó eile, os cionn 2-3%. Chun tacú le scoileanna agus na hiarratais á mbreithniú acu san fhomhír seo, d’iarr páirtithe leasmhara soiléireacht maidir lena bhfuil i gceist le ‘riachtanais iolracha agus leanúnacha’. Tá sé geallta ag an Roinn go gcuirfear eiseamláirí/cás-staidéir ar a leithéid de chásanna ar fáil sna treoirlínte tacaíochta.

| **Ciorcláin 2022** |
|---|
| **2.2.3 Daltaí a mbíonn leibhéal ard riachtanas iolrach agus leanúnach acu atá ina bhac suntasach ar a rannpháirtíocht agus a ngafacht ina saol foghlama agus scoile**<br><br>Aithnítear go bhfuil cohórt beag daltaí ann a bhfuil leibhéal ard riachtanais iolrach agus leanúnach acu atá ina mbac suntasach ar a rannpháirtíocht agus a |

rannpháirtíocht ina saol foghlama agus scoile. I gcás na ndaltaí seo, b'fhéidir go gcaithfí machnamh a dhéanamh ar an réimse eispéireas foghlama a choigeartú chun a chinntiú go gcomhlíontar a riachtanais agus go bhféadfaidís dul i mbun a gcuid foghlama ar scoil go cuspóireach. I gcúinsí an-eisceachtúla, ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir go gcaithfí machnamh a dhéanamh ar iad a dhíolmhú ó staidéar na Gaeilge.

Is féidir díolúine ó staidéar na Gaeilge a thabhairt do dhalta:

**i.** A bhfuil rang a dó ar a laghad bainte amach acu

**AGUS**

**ii.** A bhfuil leibhéal ard riachtanas iolrach agus leanúnach acu atá ina bhac suntasach ar rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht an dalta ina saol foghlama agus scoile

**AGUS**

**iii.** A bhfuil fianaise suntasach scríofa ag a scoil go leanann na riachtanais seo in ainneoin Pleananna Tacaíochta do Dhaltaí spriocdhírithe agus indibhidiúla chun dul i ngleic leis na riachtanais sin

**AGUS**

**iv.** A bhfuil fianaise suntasach scríofa ag a scoil go bhfuil na Pleananna Tacaíochta daltaí indibhidiúla seo curtha i bhfeidhm thar dhá bhliain scoile ar a laghad, agus go ndearna an scoil monatóireacht agus athbhreithniú orthu i gcomhar leis an tuismitheoir/na tuismitheoirí/caomhnóir(í) agus leis an dalta

**AGUS**

**v.** Ar tugadh gach deis réasúnta dóibh páirt a ghlacadh i bhfoghlaim na Gaeilge i ranganna príomhshrutha chomh fada agus is féidir ag teacht leis an gcur chuige comhtháite i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus ag admháil go ndéanann daltaí ag aois óg oiriúnú agus feabhsú le himeacht ama

**AGUS**

**vi.** A bhfuil an príomhoide sásta go bhfuil deonú díolúine ar leas foriomlán an dalta lena mbaineann.

De ghnáth, ciallóidh sé sin go mbeifear ag súil go rachaidh an dalta i dteagmháil le staidéar na Gaeilge ar a laghad go dtí deireadh rang a cúig. Mar sin féin, i gcúinsí an-eisceachtúil, i gcás ina bhfuil an príomhoide sásta go bhfuil díolúine ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar ardleibhéal riachtanais iolracha agus leanúnacha an dalta, agus deimhníonn sé nó sí go bhfuil na coinníollacha go léir i (i) go (vi) thuas

comhlíonta, d'fhéadfaí é a dheonú ag céim níos luaithe, ach i gcás ar bith ní fhéadfaidh sé sin a bheith níos luaithe ná rang a dó.

## 5.4 Daltaí atá cláraithe i scoil speisialta nó i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha

Bhain thart ar 50 píosa comhfhreagrais le scoileanna speisialta nó le ranganna speisialta. I measc na saincheisteanna ar díríodh aird orthu bhí na príomhdheacrachtaí a bhain le háit a fháil i scoileanna/ranganna speisialta agus deacrachtaí maidir le Teastas Díolúine a fháil nuair a bhítear ag aistriú go scoileanna príomhshrutha.

Léirigh roinnt páirtithe leasmhara imní faoin “díolúine uathoibríoch” do dhaltaí/scoláirí ó staidéar na Gaeilge (agus gan fáil a bheith acu ar an nGaeilge) agus go bhféadfadh a leithéid de sholáthar míthuiscintí a chruthú maidir le riachtanais an dalta/scoláire ó thaobh na Gaeilge má tharlaíonn, mar shampla, gurb í an Ghaeilge an teanga baile.

Chuir roinnt páirtithe leasmhara ábhair imní thromchúiseacha in iúl freisin faoin gcur chuige a deirtear a ghlacann roinnt iar-bhunscoileanna maidir le sceidealú uaireanta tacaíochta foghlama do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tuairiscíodh gurb é an cleachtas ná tacaíocht foghlama a thráthchlárú go comhuaineach le ceachtanna Gaeilge ag cur iallach ar thuismitheoirí rogha a dhéanamh idir leithdháileadh RSO a linbh a rochtain nó an Ghaeilge a rochtain, fiú nuair is í an Ghaeilge an teanga baile nó nuair a bhíonn an dalta tar éis dul tríd an gcóras bunoideachas i scoil lán-Ghaeilge.

I measc na saincheisteanna eile a ardaíodh bhí easpa áiteanna i rang nó i scoil speisialta agus dá bhrí sin gan aon teidlíocht uathoibríoch ar dhíolúine. Cuireadh tuairimí in iúl maidir le daltaí/scoláirí ar moladh go gcuirfí áit ar fáil dóibh i scoil agus/nó i rang speisialta ach toisc nach raibh áit ar fáil níorbh fhéidir díolúine a thabhairt dóibh.

Tá roinnt athruithe beartaithe chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a ardaíodh.

Glactar leis i gcónaí go bhfuil daltaí/scoláirí atá cláraithe i ranganna speisialta nó a bhí cláraithe cheana ina leithéid de ranganna i dteideal díolúine uathoibríoch agus nach gá dóibh iarratas a dhéanamh ar a leithéid. Má tá dalta/scoláire ag aistriú chuig rang nó scoil príomhshrutha, ní mór do phríomhoide an ranga speisialta nó na scoile speisialta Teastas Díolúine a eisiúint agus é seo a chlárú ar POD/P-POD de réir mar is cuí.

Déantar soláthar sna Ciorcláin anois gur féidir le daltaí/scoláirí a bhfuil sé molta go gcuirfí áit ar fáil dóibh i scoil speisialta agus/nó rang speisialta, ach nach bhfuil fáil ar a leithéid d’áit, iarratas foirmiúil a dhéanamh ar dhíolúine ar na forais seo. Tá an fhoráil seo  maidir le “daltaí a bhfuil sé molta go bhfaighidís áit  scoil speisialta aitheanta agus/nó i rang speisialta i scoil phríomhshrutha” nua agus tá sé tugtha isteach mar

fhreagra ar ghlaonna ó thuismitheoirí agus ó pháirtithe leasmhara i réimse na riachtanas speisialta oideachais.

Maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le tráthchlárú a aithníodh thuas, tuigeann an Roinn gur fadhb í seo a bhfuil sé dúshlánach dul i ngleic léi. Ba chóir do scoileanna tagairt do dhoiciméid treorach a eisíodh chun tacú leo. Áirítear sa doiciméad treorach a ghabhann le Ciorclán 0014/2017 *Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna atá Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais* acu treoir do scoileanna maidir le tráthchlárú agus pleanáil do leithdháileadh tacaíochtaí teagaisc don oideachais speisialta. Tá treoir maidir le tacaíochtaí a eagrú ar fáil freisin i *Leanúntas Tacaíochta le haghaidh Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí*. Tá treoir maidir le cur chuige scoile uile ar eagrú don chuimsiú san áireamh i bhfoilseachán 2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna *Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu: Treoirlínte Iar-bhunscoile.*

| Fomhír **2.2.4(ii)** |
| --- |
| • **Sa chás go bhfuil moladh agus go meastar go bhfuil dalta incháilithe d'áit i scoil speisialta aitheanta agus/nó i rang speisialta i scoil phríomhshrutha beidh gá le hiarratas ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge.**<br>* Is éard is scoil/rang speisialta aitheanta ann ná rang bunscoile nó iar-bhunscoile atá ceadaithe agus acmhainnithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS). Féach https://ncse.ie/ le haghaidh liosta de na scoileanna/ranganna sin |

## 5.5 Leasuithe ar an meicníocht achomhairc

Tá foráil sna ciorcláin nua do ról níos substaintiúla don Choiste Achomhairc um Dhíolúintí ó Ghaeilge (CADG). Thug Ciorcláin 2019 isteach don chéad uair meicníocht achomhairc fhoirmiúil a dhírigh go hiomlán ar an bpróiseas ina raibh scoileanna gafa nuair a bhí iarratais ar dhíolúine á bhreithniú acu. Bhí go leor páirtithe leasmhara den tuairim go raibh sainchúram an choiste achomhairc róchúng agus gur chóir é a leathnú chun athbhreithniú níos substaintiúla a cheadú ar chinneadh na scoile. Mar a tharla i gciorcláin roimhe seo, leagtar amach sna ciorcláin nua go gceapfaidh an tAire an CADG, ach go ngníomhóidh sé go neamhspleách ar an Roinn. Beidh Cigire, síceolaí oideachais agus príomhoide scoile mar chomhdhéanamh an CADG. Agus an t-achomharc á bhreithniú scrúdóidh an CADG:

- an fhoirm achomhairc
- na critéir atá leagtha amach sa chiorclán seo
- an t-iarratas ar dhíolúine mar aon le haon doiciméid tacaíochta atá i bPlean Tacaíochta an Dalta agus aon eolas breise a chuir an t-iarratasóir ar fáil don scoil agus atá i seilbh na scoile
- cinneadh na scoile agus na forais a tugadh maidir le diúltú an iarratais

Déanfaidh an CADG cinneadh maidir lenar chóir nó nár chóir an díolúine a dheonú, cuirfear an cinneadh in iúl don scoil agus iarrfar ar an scoil éifeacht a thabhairt do chinneadh an choiste. Leasófar foirmeacha iarratais agus treoirlínte reatha do scoileanna chun na hathruithe seo a léiriú.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur ardaíodh roinnt ábhair imní le linn phróiseas rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara maidir le cúinsí a chruthú ina bhféadfaí cinneadh an phríomhoide a chur ar ceal. Tríd is tríd, áfach, measadh go raibh gá le próiseas neartaithe agus nach leor cinntí bunaithe ar an bpróiseas amháin.

## 6. Ag tacú le scoileanna agus a bpobail na ciorcláin nua a chur i bhfeidhm

Tá an Roinn ag athbhreithniú agus ag soláthar Treoirlínte feabhsaithe chun tacú le cur i bhfeidhm na gCiorclán athbhreithnithe. Déanfaidh an Roinn an láithreán gréasáin a nuashonrú leis na Ciorcláin agus na Treoirlínte tacaíochta nua. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú freisin ar bhailiú sonraí ar mhaithe le cáilíocht na sonraí a bhailítear a fheabhsú mar aon leis an ualach ar scoileanna a laghdú trí, mar shampla, na bunachair sonraí bunscoile agus iar-bhunscoile a chomhtháthú.

Mar chríoch, geallann an Roinn athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gCiorclán.

CRÍOCH